C/2025/770

11.2.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Easpa oibrithe agus scileanna in earnáil an iompair, i réimse an fhuinnimh, in earnáil an bhonneagair agus san earnáil dhigiteach

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/770)

Rapóirtéir: **Thomas KATTNIG**

Comhairleoir	Simon THEURL
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	15.2.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Iompar, Fuinneamh, Bonneagar agus an tSochaí Faisnéise
Dáta a glactha sa rannóg	26.9.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	5.12.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	592
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	166/1/4

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Tá béim á leagan ag CESE ar an dúshlán méadaitheach a bhaineann leis an easpa oibrithe agus scileanna in earnálacha an iompair, an fhuinnimh, an bhonneagair agus na teicneolaíochta digití. Tá na hearnálacha sin ríthábhachtach le haghaidh rathúnas agus inbhuanaitheacht éiceolaíoch an Aontais agus is dlúthchuid iad den Chomhaontú Glas don Eoraip agus d'iomaíochas an Aontais amach anseo. Ina theannta sin, tá géarghá le hoibrithe oilte agus le hathchóirithe in earnálacha an oideachais, na sláinte agus an chúraim chun an soláthar oibrithe a mhéadú agus, i gcás an oideachais, chun bonn a leagan síos le haghaidh oiliúint oibrithe oilte.

1.2. Creideann CESE go bhfuil gá le bearta níos uaillmhianaí chun an t-aistriú cóir a áirithiú, lena n-áirítear poist ardcháilíochta a chur chun cinn, cur le tarraingteacht na n-earnálacha ábhartha, an táirgiúlacht a chur chun cinn, cothromú mhargadh an tsaothair agus feabhsú na ndálaí oibre ([1]). Áirítear leis sin, i measc nithe eile, an cóineasú sóisialta aníos, oiliúint chuí a áirithiú, coinníollachtaí a thabhairt isteach le haghaidh leithdháileadh cistí poiblí, an chómhargáil agus critéir cháilíochta agus shóisialta a neartú, i gcomhréir dhlúth le caighdeáin na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD), tríd an bprionsabal 'duine i gceannas' a dhaingniú san ionad oibre ([2]), agus gach iarracht a dhéanamh deireadh a chur le hobair fhorbhásach agus le hintéirneachtaí neamhíoctha.

1.3. Molann CESE don Choimisiún na riachtanais oibrithe agus scileanna a shainiú go soiléir, agus glacadh le hoibrithe oilte mar fhochatagóir den lucht saothair a bhfuil cáilíochtaí speisialta acu. Is den ríthábhacht é forbairt dhearfach pá agus dálaí feabhsaithe oibre a chur san áireamh nuair a bhíonn easpa oibrithe agus scileanna á dtuar. Agus an gá le hoibrithe agus scileanna á sainiú, molann CESE machnamh a dhéanamh freisin ar an ngnáth-thréimhse a ghlacann an próiseas earcaíochta i ngnólachtaí, ar luaineachtaí eacnamaíocha, ar ghanntanas gearrthéarmach agus ar mheasúnú na gcomhpháirtithe sóisialta.

([1]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Togra reachtach maidir le haistriú cóir agus uirlisí beartais AE a cheapadh chun gné shóisialta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a neartú, (IO C, C/2025/772, 11.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/772/oj).

([2]) Pléitear an t-ábhar sin go mion sa tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — *Ar son intleacht shaorga atá chun tairbhe don oibrí: deiseanna na hintleachta saorga a ghlacadh chugainn agus na rioscaí a mhaolú a mhéid a bhaineann le beartais fostaíochta agus beartais an mhargaidh saothair* (á hullmhú faoi láthair).

1.4. Tacaíonn CESE le lánpháirtiú daoine atá faoi ghannionadaíocht i margadh an tsaothair, le scileanna a fhoghlaim, le hoiliúint agus oideachas a fháil, le dálaí oibre a fheabhsú agus le soghluaisteacht chothrom laistigh den Aontas a áirithiú d'oibrithe agus d'fhoghlaimeoirí.

1.5. Bíonn ar a lán gnólachtaí déileáil leis an gcás gur minic a bhogann na hoibrithe a bhfuil oiliúint curtha acu orthu chuig gnólachtaí atá in iomaíocht leo. Chun an díspreagadh a laghdú agus chun tacú le gnólachtaí a sholáthraíonn oiliúint ar an láthair oibre, amhail printíseachtaí, d'fhéadfadh na Ballstáit cistí oiliúna a bhainistítear ar bhealach tripháirteach a chur chun feidhme, agus sainiúlachtaí na gcóras náisiúnta éagsúil á n-urramú. Is gnólachtaí, go príomha, a dhéanfadh ranníocaíochtaí leis an gciste sin agus dhéanfaí forálacha praiticiúla a leagan síos tríd an gcómhargáil, aon uair a d'fhéadfaí a leithéid a dhéanamh. D'fhéadfadh gnólachtaí a chuireann oiliúint ar fáil leas a bhaint as tacaíocht an chiste.

1.6. Tá ról tábhachtach ag na Ballstáit maidir le freastal a dhéanamh ar an éileamh atá ar oibrithe oilte. Ba cheart dóibh díriú ar na córais oideachais a athchóiriú. Lena chois sin, leis na bearta oideachais agus cáilíochta a mhaoinítear go poiblí, ba cheart díriú ar earnálacha atá straitéiseach go heacnamaíoch agus go sóisialta, arna sainiú i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta agus arna gcur ag luí le spriocanna an Aontais mar a chuirtear in iúl sa Chomhaontú Glas.

1.7. Cuireann CESE i bhfáth gur fearr oiliúint a chur ar náisiúnaigh tríú tír atá san Aontas cheana féin agus dlús a chur lena lánpháirtiú i margadh an tsaothair ná daoine tréitheacha a earcú ó thríú tíortha.

1.8. Molann CESE cláir spriocdhírithe, treoir atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir agus bearta comhordaithe tacaíochta don fhoghlaimeoir a fhorbairt agus a mhaoiniú chun iontráil grúpaí faoi ghannionadaíocht agus faoi mhíbhuntáiste i margadh an tsaothair a éascú ([3]). Áirítear orthu sin mná i ngairmeacha ETIM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic), daoine a bhfuil cúlra imirce acu, daoine faoi mhíchumas agus oibrithe atá amach sna blianta.

1.9. Dá ndíreofaí ar scileanna bunúsacha a fheabhsú agus dá gcuirfí Plean Straitéiseach um Oideachas ETIM chun cinn, d'fhéadfadh sé go rachfaí i ngleic leis an easpa múinteoirí cáilithe i réimsí a bhaineann leis an eolaíocht, an teicneolaíocht, an innealtóireacht agus an mhatamaitic. Chomh maith leis sin, ba cheart go meallfaí tuilleadh cailíní agus ban le tabhairt faoi oideachas agus gairmeacha ETIM ar an gcaoi sin. Tá sé tábhachtach agus oiriúnach tosaíocht a dhéanamh den ghairmoideachas agus den ghairmoiliúint chomh maith, ós a bhuí leis an oideachas sin a ullmhaítear daoine don saol oibre agus a fhoghlaimíonn siad na scileanna atá á lorg ag na gnólachtaí, lena n-áirítear trí bhíthin na Straitéise Eorpaí um Ghairmoideachas agus Gairmoiliúint atá beartaithe.

1.10. Is díol sásaimh do CESE na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an gCoimisiún, trí bhíthin plean gníomhaíochta, freagairt don ghá atá le lucht saothair agus le hoibrithe oilte, agus iarrann sé ar na hinstitiúidí Eorpacha agus ar na Ballstáit, i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, míniú breise a thabhairt ar na gnéithe atá luaite sna míreanna thíos agus na barúlacha agus na moltaí mionsonraithe á gcur san áireamh, agus gné an chomhtháthaithe réigiúnaigh chomh maith leis na gnéithe eacnamaíocha, éiceolaíocha agus sóisialta a chur san áireamh nuair a bheidh an plean gníomhaíochta á cheapadh agus á chur chun feidhme aige.

2. **Cúlra**

2.1. Tá athruithe déimeagrafacha amach roimh an Eoraip, arb iad a bpríomhthréithe daonra atá ag dul in aois agus rátaí breithe atá ag dul i laghad, agus laghdú suntasach ag teacht ar an soláthar oibrithe dá mbarr ([4]). Idir 2009 agus 2023, tháinig laghdú ar an daonra in aois oibre san Aontas ó 272 mhilliún go 263 mhilliún, agus meastar go dtiocfaidh laghdú breise fós air sin. Tá scileanna nua speisialaithe ag teastáil le haghaidh forbairtí teicneolaíochta, go háirithe i réimse na dteicneolaíochtaí glasa agus i réimse na digiteála. Mar sin féin, bíonn deacrachtaí ag a lán gnólachtaí oiliúint agus forbairt ghairmiúil a sholáthar go hinmheánach ([5]). Tá éagsúlacht mhór i measc na mBallstát maidir leis an gcéatadán de na gnólachtaí a chuireann oiliúint ar fáil ([6]); in AE-27 ina iomláine, thit an céatadán sin ó 60,2 % in 2015 go 54,9 % in 2020. Ar an gcuma chéanna, tá pá agus dálaí oibre ([7]) ina gcúis le hoibrithe ar bheagán oiliúna agus, i gcásanna áirithe, oibrithe ardoilte a bheith ag bogadh go poist níos tarraingtí in earnálacha eile. De thoradh na n-athruithe sin, tá méadú tagtha cheana féin ar an ngá le hoibrithe agus scileanna i roinnt réimsí le blianta beaga anuas, agus meastar go leanfaidh an t-éileamh de bheith ina dhúshlán ó thaobh beartais de agus ina dhúshlán freisin do ghnólachtaí.

([3]) *Monitoring and evaluating lifelong guidance systems across Europe*, https://www.cedefop.europa.eu/ga/publications/9196.
([4]) An laghdú ar an soláthar oibrithe: Eurostat, https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/DEMO_PJANGROUP/default/table.
([5]) Gnólachtaí a chuireann oiliúint ar fáil: Eurostat, https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/trng_cvt_01s/default/table?category=educ.educ_part.trng_cvt.trng_cvt_00.
([6]) Cúrsaí san fhorbairt ghairmiúil leanúnach, Gnólachtaí a chuireann oiliúint ar fáil mar % de na gnólachtaí uile. Foinse: Eurostat.
([7]) Wouter, Zwysen (2023): *Labour shortages – turning away from bad jobs*. Nóta Beartais de chuid Institiúid Eorpach na gCeardchumann (ETUI). Ar líne: *Labour shortages – turning away from bad jobs* | etui.

2.2. Mar gheall ar an méid sin, thíolaic an Coimisiún Eorpach plean gníomhaíochta ([8]) faoi chuimsiú sraith beart a cuireadh i bhfeidhm le linn thréimhse reachtach 2019-2024 an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an ngá le hoibrithe agus scileanna. Is éard a dhéantar sa phlean gníomhaíochta go ndírítear ar chúig réimse straitéiseacha: (1) 'gníomhachtú' grúpaí faoi ghannionadaíocht i margadh an tsaothair a chur chun cinn; (2) tacú le forbairt scileanna tríd an oideachas agus an oiliúint chun freastal ar riachtanais atá agus a bheidh i margadh an tsaothair; (3) na dálaí oibre a fheabhsú agus poist a chur i riocht is go bhfuil siad níos tarraingtí; (4) soghluaisteacht oibrithe agus foghlaimeoirí laistigh den Aontas a chur chun cinn; agus (5) tallann a mhealladh chuig an Aontas ó thríú tíortha. I ndáil leis sin, leagtar béim sa phlean gníomhaíochta ar a thábhachtaí atá an comhar leis na comhpháirtithe sóisialta. Is mór ag CESE an treo atá faoin bplean gníomhaíochta, ach measann sé gur gá na téarmaí agus na coincheapa a leagtar amach ann a shainiú ar bhealach níos beaichte agus a áirithiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha airgeadais ar fáil.

2.3. Tá mímheaitseáil scileanna agus ganntanas oibrithe i roinnt earnálacha agus réigiún, agus is méadú seachas laghdú a thiocfaidh air sin. I ndáil leis an méid sin, tá ról tábhachtach ag na Ballstáit maidir le hoideachas bunúsach iomchuí agus beartais chuí maidir le margadh an tsaothair a sholáthar, chomh maith le hoideachas a chur ar na náisiúnaigh as tríú tíortha atá sa tír cheana féin agus a lánpháirtiú a chur chun cinn. Tá ról chomh tábhachtach céanna ag fostóirí cur leis an oiliúint ar an láthair oibre ós rud é go mbíonn siad in iomaíocht le chéile chun oibrithe a mhealladh leis na poist is tarraingtí. Creideann CESE go bhfuil freagracht ar na gnólachtaí freisin as an ngá atá acu le hoibrithe, lena n-áirítear oibrithe oilte, a shásamh trí phoist tharraingteacha iomchuí a thairiscint agus oiliúint agus cáilíochtaí a bhaineann go sonrach leis an bpost a chur ar fáil. Ag an am céanna, tá CESE den tuairim gur cheart do na Ballstáit agus do na comhpháirtithe sóisialta gealltanas a thabhairt cáilíochtaí, lena n-áirítear an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint, a mheaitseáil leis an ngá atá le hoibrithe oilte ar mhargadh an tsaothair ([9]). Ón taobh sin de, tá ról tábhachtach ag na Ballstáit agus ag fostóirí maidir leis an rannpháirtíocht san oiliúint a mhaoiniú agus a dhreasú. Ach an chomhpháirtíocht shóisialta a neartú, cuirtear feabhas ar cháilíocht na bpost agus, dá chionn sin, is féidir freastal níos fearr ar an éileamh ar oibrithe.

2.4. Is minic nach mbíonn fíorshonraí ná sainmhínithe caighdeánaithe ar fáil le linn díospóireachtaí faoi ghanntanas lucht saothair sna Ballstáit. Le go mbeidh suirbhéanna agus réamhaisnéisí ar na riachtanais oibrithe agus scileanna iontaofa agus ionadaíoch, ba cheart iad a bhunú ar mhodheolaíochtaí fónta lena áirithiú go mbeidh fírinne sna treochtaí agus sna dúshláin a bheidh luaite iontu agus le nach léiriú iad ar dhearcadh amháin, mar a tharlaíonn nuair nach mbunaítear iad ach ar fholúntais oscailte nó ar shuirbhéanna gnólachtaí ([10]). Chun gur féidir an caiteachas poiblí ar bheartas mhargadh an tsaothair nó ar bhearta eile stáit a chosaint agus a chur chun cinn, ní mór na téarmaí 'éileamh ar lucht saothair' agus 'éileamh ar scileanna' a shainiú go soiléir, iad a bheith ina léiriú ar an bhfiúntas atá ann don phobal, iad a shainaithint i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, agus iad a bheith dírithe ar mhíchothromaíochtaí struchtúracha ([11]). I ndáil leis sin, d'fhéadfaí na bearta stáit a bhunú ar chuspóirí polaitiúla agus straitéiseacha, e.g. cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach ([12]). Ina theannta sin, tugann cuspóirí polaitiúla atá sainithe go soiléir deimhneacht dhlíthiúil agus phleanála maidir le measúnú cruinn a dhéanamh ar an ngá a bheidh ann amach anseo le hoibrithe oilte.

2.5. Maidir leis na suirbhéanna ar na riachtanais oibrithe agus scileanna, maille leis an mímheaitseáil eatarthu, is rud casta é agus bíonn torthaí éagsúla air mar gheall ar na sainmhínithe, na modhanna agus na sonraí éagsúla a úsáidtear sna suirbhéanna. I staidéir éagsúla tugtar chun suntais go bhfuil an-éileamh ar oibrithe agus ar oibrithe oilte in earnálacha an iompair, an fhuinnimh, an bhonneagair agus na dteicneolaíochtaí digiteacha ([13]). Tá sé le tuiscint ó réamhaisnéis scileanna Cedefop do 2035 nach dtiocfaidh deireadh leis na ganntanais shuntasacha atá ann maidir le gairmeacha eolaíochta agus innealtóireachta ardoilte agus maidir le hoibrithe tógála sna deich mbliana atá amach romhainn ([14]). Ar an gcaoi chéanna, tá sé le sonrú ar thionscadail reachtúla ar an leibhéal náisiúnta go bhfuil éileamh ar oibrithe sna réimsí sin cheana féin. Leagann CESE béim ar an tábhacht straitéiseach agus shochaíoch ar leith a bhaineann leis na réimsí sin ó thaobh cuspóirí an Aontais mar a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip iad a chur chun feidhme.

2.6. Tá mímheaitseáil le tabhairt faoi deara idir na gníomhaíochtaí de réir chineál agus leibhéal na gcáilíochtaí ([15]). Tá ról lárnach ag difríochtaí inscne i ndáil leis sin, agus tá éagothromaíochtaí réigiúnacha ann. Chonacthas mímheaitseáil i measc an lucht saothair ardoilte ar an meánleibhéal (ISCED 3-4), agus barrachas ann díobh siúd a bhfuil deimhniú críochnaithe tríú leibhéal acu (e.g. céim bhaitsiléara) agus easpa gairmeacha ceirde (printíseachtaí), i.e. an réimse ina gcuireann gnólachtaí oiliúint ar fáil.

([8]) An Coimisiún Eorpach, Plean gníomhaíochta maidir leis an nganntanas lucht saothair agus scileanna.

([9]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Seirbhísí gairmiúla san aistriú glas, (IO C, C/2025/765, 11.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/765/oj).

([10]) *Untangling labour shortages in Europe: unmet skill demand or bad jobs?* https://www.cedefop.europa.eu/ga/publications/6220.

([11]) Is éard a chiallaíonn sin go mbeidh barrachas leanúnach soláthair i réimsí áirithe i gcomhthráth le héileamh leanúnach i réimsí eile.

([12]) An Comhaontú Glas don Eoraip, an Coimisiún Eorpach: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/european-green-deal_ga.

([13]) *Measures to tackle labour shortages: Lessons for future policy*, Eurofound (2023): Ar líne: https://www.eurofound.europa.eu/en/publications/2023/measures-tackle-labour-shortages-lessons-future-policy.

([14]) https://www.cedefop.europa.eu/ga/tools/skills-forecast.

([15]) EURES (2022): *Report on labour shortages and surpluses.* Ar líne: https://www.ela.europa.eu/sites/default/files/2023-09/ELA-eures-shortages-surpluses-report-2022.pdf.

2.7. An teacht atá ar mhná i margadh an tsaothair, tá sé nasctha le heaspa seirbhísí cúraim leanaí agus seirbhísí cúraim do chleithiúnaithe; níl iontu sin ach dhá cheann den iliomad tosca atá riachtanach le go mbeadh mná rannpháirteach i margadh an tsaothair, mar shampla traidisiúin agus nósanna a mbíonn foréigean agus ciapadh mar thoradh orthu go minic, e.g. ar an iompar poiblí, an gá le tacaíocht bhreise teaghlaigh, etc ([16]). Molann CESE feachtais a chur sa siúl ar fud an Aontais chun rochtain chothrom ar an obair a chur chun cinn, dálaí oibre a fheabhsú i ngairmeacha inar mná is mó a bhíonn ag obair agus rannpháirtíocht na bhfear sna gairmeacha sin a mhéadú, mar aon le feachtais chun mná a spreagadh chun staidéar a dhéanamh, oiliúint a fháil agus iarratas a dhéanamh ar obair ardoilte in earnálacha ina bhfuil ganntanas oibrithe oilte (STEM) ([17]), go háirithe ós rud é gur beag nach dhá líonmhaire na céimithe STEM fear ná na céimithe ban, rud a bhfuil trácht air i dtuarascáil Draghi (ETIM) ([18]).

2.8. Iarrann CESE ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leanúint de mhóiminteam Bhliain Eorpach na hÓige, 2022 agus na Bliana Eorpaí um Scileanna trí dhaoine óga a spreagadh chun oibriú in earnálacha an iompair, an fhuinnimh, an bhonneagair agus na dteicneolaíochtaí digiteacha; measann CESE go bhfuil géarghá leis an oiliúint atá ann cheana sna príomhscileanna do na hearnálacha sin a bheachtú ó thús deireadh an tslabhra breisluacha, agus í a chur in oiriúint do na riachtanais shonracha a sainaithníodh.

3. **Barúlacha ginearálta**

Rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta a neartú

3.1. Is mian le CESE béim a leagan ar an ngá atá le bearta níos uaillmhianaí agus níos cuimsithí ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an nganntanas oibrithe agus scileanna. Ach feabhas a chur ar an idirphlé sóisialta i dtaobh beartas scileanna, i gcomhréir le Dearbhú Tripháirteach Barcelona ([19]) agus le Dearbhú Val Duchesse ([20]), tacófar leis na bearta sin.

Bearta chun dálaí oibre a fheabhsú

3.2. Creideann CESE go bhfuil gá le bearta níos uaillmhianaí chun an t-aistriú cóir a áirithiú, lena n-áirítear poist ardcháilíochta a chur chun cinn, cur le tarraingteacht na n-earnálacha ábhartha, an táirgiúlacht a chur chun cinn, cothromú mhargadh an tsaothair agus feabhsú na ndálaí oibre. Áirítear leis sin, i measc nithe eile, an cóineasú sóisialta aníos, oiliúint chuí a áirithiú, coinníollachtaí a thabhairt isteach le haghaidh leithdháileadh cistí poiblí, an chómhargáil agus critéir cháilíochta agus shóisialta a neartú, i gcomhréir dhlúth le caighdeáin na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD), tríd an bprionsabal 'duine i gceannas' a dhaingniú san ionad oibre ([21]), agus gach iarracht a dhéanamh deireadh a chur le hobair fhorbhásach agus le hintéirneachtaí neamhíoctha.

Riachtanais suirbhéireachta

3.3. Cuireann CESE i bhfáth gur gá do Eurostat na riachtanais oibrithe agus scileanna a shainiú ar bhealach atá chomh haonfhoirmeach agus is féidir agus béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé leas a bhaint as suirbhéanna agus as cineálacha eile sonraí chun faisnéis scileanna a chothú ([22]). I ndáil leis sin, molann CESE an leas is fearr is féidir a bhaint as táscairí na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD), go háirithe na táscairí a bhaineann le forbairtí pá, an comhionannas pá idir fir agus mná i ngnólachtaí agus pleananna le haghaidh dhul chun cinn na mban. I measc na dtáscairí úsáideacha eile tá rátaí glactha oibrithe a cuireadh faoi oiliúint i seirbhísí fostaíochta poiblí agus in institiúidí gaolmhara, an ghnáth-thréimhse a ghlacann an próiseas earcaíochta agus tréimhsí folúntais. Is féidir leas a bhaint as mórshonraí ó fhógraí poist ar líne chun tuiscint a fháil ar na treochtaí scileanna atá ann i bhfíor-am maidir le gairmeacha agus earnálacha a chuireann bonn faoin aistriú glas, amhail fuinneamh in-athnuaite ([23]).

([16]) IO C 443, 22.11.2022, lch. 63.
([17]) Féach IO IO C 429, 11.12.2020, lch. 77, IO C 100, 16.3.2023, lch. 16, IO C 75, 28.2.2023, lch. 56 agus IO C 443, 22.11.2022, lch. 63.
([18]) Tuarascáil ó Mario Draghi maidir le Todhchaí iomaíochas na hEorpa — Cuid A | Caibidil 2, leathanach 35, Meán Fómhair 2024.
([19]) Dearbhú Tripháirteach Barcelona maidir le Bliain Eorpach na Scileanna.
([20]) Cruinniú Mullaigh na gComhpháirtithe Sóisialta in Val Duchesse (europa.eu).
([21]) Pléitear an t-ábhar sin go mion sa tuairim ó CESE *Ar son intleacht shaorga atá chun tairbhe don oibrí: deiseanna na hintleachta saorga a ghlacadh chugainn agus na rioscaí a mhaolú a mhéid a bhaineann le beartais fostaíochta agus beartais an mhargaidh saothair* (á hullmhú faoi láthair).
([22]) https://www.cedefop.europa.eu/en/publications/9190.
([23]) https://www.cedefop.europa.eu/en/publications/9197.

Gnólachtaí a chumasú chun freagracht a ghlacadh as a gcuid riachtanas féin a shásamh

3.4. Bíonn ar a lán gnólachtaí déileáil leis an gcás gur minic a bhogann na hoibrithe a bhfuil oiliúint curtha acu orthu chuig gnólachtaí atá in iomaíocht leo. Chun an díspreagadh a laghdú agus chun tacú le gnólachtaí a sholáthraíonn oiliúint ar an láthair oibre, amhail printíseachtaí, d'fhéadfadh na Ballstáit cistí oiliúna a bhainistítear ar bhealach tripháirteach a chur chun feidhme, agus sainiúlachtaí na gcóras náisiúnta éagsúil á n-urramú. Is gnólachtaí, go príomha, a dhéanfadh ranníocaíochtaí leis an gciste sin agus dhéanfaí forálacha praiticiúla a leagan síos tríd an gcómhargáil, aon uair a d'fhéadfaí a leithéid a dhéanamh. D'fhéadfadh gnólachtaí a chuireann oiliúint ar fáil leas a bhaint as tacaíocht an chiste.

Beartas oiliúna mar bhonn le haghaidh cáilíochtaí

3.5. Is díol sásaimh do CESE an cuspóir a leag an Coimisiún Eorpach amach sa phlean gníomhaíochta, is é sin tacú le forbairt scileanna trí bhíthin an oideachais agus na hoiliúna. Tá an cumas bunúsach sainchúrsa oiliúna a chríochnú leagtha síos sa chóras oideachais. Molann CESE don Aontas beartais oideachais a chur chun cinn a mbeidh an bunoideachas mar thúsphointe acu, d'fhonn luathfhágáil na scoile a sheachaint agus comhionannas deiseanna a chruthú.

3.6. Cuireann CESE i bhfáth gur féidir le bearta maidir leis an tsoghluaisteacht oideachais a mhéadú cur go mór le hardú na gcaighdeán oideachais. Cé go gcuidíonn Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh le faisnéis a chur ar fáil maidir le deiseanna oiliúna, tá an t-ardán sin an-teoranta fós ó thaobh deiseanna imirce saothair a thabhairt dáiríre d'oibrithe imirceacha ar leibhéil éagsúla scileanna agus in earnálacha éagsúla. Molann CESE go leathnófaí an tseirbhís ionas go gcuimseofaí inti faisnéis agus cúnamh maidir le hiarratais ar scoláireachtaí, agus go gcuirfí bearta i gcrích chun srian a chur le postú bréagach, ionas nach rachfaí timpeall ar na ceanglais dhlíthiúla a ghabhann le hoibrithe a phostú ar bhonn trasteorann. Ina theannta sin, molann CESE don Choimisiún Eorpach tuilleadh deontais Eorpacha a chur ar fáil d'fhostaithe agus do chuardaitheoirí poist ar mhaithe le huas-sciliú agus athsciliú a dhéanamh, sin le go mbeidh deiseanna breise acu dul chun cinn a dhéanamh i ngairm ar leibhéal níos airde. Thairis sin, maidir leis na bacainní atá ar an rochtain faoi láthair mar gheall ar cheanglais víosaí náisiúnta, ba cheart aghaidh a thabhairt orthu trí iarrachtaí a dhéanamh gan ach ceart iontrála amháin a bheith ann. Ní mór breis oibre a dhéanamh freisin maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí agus scileanna a fuarthas thar lear agus/nó i dtimpeallachtaí foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla ([24]).

Cáilíochtaí maidir le beartas mhargadh an tsaothair

3.7. Creideann CESE nach mór feabhas a chur ar an 'bhfaisnéis scileanna' a bhfuil míniú air i dTuarascáil Draghi ([25]), rud a chiallaíonn faisnéis atá iontaofa mionsonraithe inchomparáide maidir le riachtanais scileanna, stoic atá ann, sin agus sreafaí inmhianaithe laistigh de na Ballstáit agus ar fud na mBallstát, d'fhonn infheistíocht a threorú ar bhealach atá níos dírithe ar ann éileamh agus bearnaí a shainaithint agus a líonadh.

3.8. Ionas nach bhfágfar ar an trá fholamh sinn i bhforbairt na hintleachta saorga san Aontas, teastaíonn comhar trasteorann laistigh den Aontas le cur ar chumas na dtaighdeoirí, na bhfiontraithe agus na n-institiúidí obair as lámha chéile ar bhealach níos éifeachtaí, rud a chuirfidh ar a chumas don Aontais deireadh a chur leis na bacainní idir na disciplíní agus idir na hearnálacha, agus forbairt scileanna nua a chur chun cinn ar an dul sin don aistriú i dtreo na hintleachta saorga. Sin rud a fhágann nach mór an cúigiú saoirse a thabhairt isteach faoi mar a d'iarr Enrico Letta ina Thuarascáil ([26]).

3.9. Leagann CESE béim ar an ról atá ag beartas mhargadh an tsaothair ([27]), ós rud é gur féidir leas a bhaint as chun oiliúint a chur ar dhaoine óga roimh a saol oibre nó go luath ina saol oibre, agus rannchuidiú tábhachtach á dhéanamh le freastal ar an ngá atá ann le hoibrithe oilte. Ina theannta sin, de thoradh beartais ghníomhacha um margadh an tsaothair is féidir bearta sonracha a chruthú i dtaca le hoiliúint, le hathsciliú agus le huas-sciliú, mar aon le deiseanna tarraingteacha dóibh siúd atá ag lorg athrú gairme. Is coinníoll riachtanach é rannpháirtíocht ghníomhach na gcomhpháirtithe sóisialta, na hearnála gairmoideachais agus gairmoiliúna agus, i gcás inarb ábhartha, gníomhartha réigiúnacha ([28]) chun dul chun cinn a dhéanamh.

([24]) Tuairim ó CESE maidir le Pacáiste Soghluaisteachta Tallainne, IO C, C/2024/4067, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4067/oj.
([25]) Tuarascáil Mario Draghi maidir le Todhchaí iomaíochas na hEorpa — Cuid A | Caibidil 2, leathanach 35, Meán Fómhair 2024.
([26]) Tuarascáil Enrico Letta maidir le Todhchaí an Mhargaidh Aonair, Aibreán 2024.
([27]) IO C, C/2023/870, 8.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/870/oj.
([28]) https://www.cedefop.europa.eu/en/landing-page/EYS2023/message2.html.

3.10. Meabhraíonn CESE, i gcás daoine dífhostaithe a chur ar mhargadh an tsaothair go tapa, go dtagann sé sin salach ar bhearta beartais de chuid mhargadh an tsaothair a bhfuil d'aidhm leo scileanna ardcháilíochta a áirithiú. Chun freastal ar an ngá a bheidh ann le hoibrithe oilte amach anseo, is gá cothromaíocht a bhaint amach idir cuspóirí éagsúla bheartas mhargadh an tsaothair trí imeacht ar shiúl ó shocrúchán tapa i margadh an tsaothair agus dul i dtreo sealbhú scileanna fadtéarmacha. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach, na Ballstáit agus na comhpháirtithe sóisialta na beartais um fhoghlaim aosach a neartú i dtreo go mbeidh sé de cheart ag gach duine fásta rochtain a bheith acu ar fhoghlaim aosach chuimsitheach ardcháilíochta ar mhaithe le scileanna saoil a ghnóthú d'fhonn an spriocráta rannpháirtíochta 60 % san fhoghlaim aosach in aghaidh na bliana a bhaint amach agus a shárú. […] Tá sé tábhachtach freisin i gcás infheistíochtaí, athchóirithe riachtanacha agus idirphlé sóisialta éifeachtach, atá dírithe ar fhorbairt scileanna a chothú i gcomhréir leis an gcéad phrionsabal de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (ceart chun oiliúna agus foghlama ar feadh an tsaoil), go mbeidís fite fuaite sa Seimeastar Eorpach.

3.11. Aithníonn CESE go bhfuil gealladh faoin Ráthaíocht don Aos Óg, ach tagraíonn sé don ghá atá ann gníomhú chun leas a bhaint as an acmhainneacht sin. Ba cheart don Choimisiún Eorpach faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Ráthaíochta don Aos Óg sna Ballstáit agus measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann siad na caighdeáin, agus, mar chuid den chur chun feidhme sin, go bhfuil maoiniú iomchuí á chur ar fáil acu agus ról níos éifeachtaí á thabhairt acu do na comhpháirtithe sóisialta agus do na seirbhísí poiblí fostaíochta sna Ballstáit.

An soláthar oibrithe a mhéadú

3.12. Tacaíonn CESE leis go ndéanfaí na daoine is faide ar shiúl ó mhargadh an tsaothair a lánpháirtiú i margadh an tsaothair. Measann sé, áfach, i gcás choincheap na neamhghníomhaíochta, gur cheart tosca struchtúracha amhail idirdhealú in aghaidh daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta agus daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chur san áireamh freisin. Ina theannta sin, is minic nach gcuimhnítear orthu siúd atá oiriúnach go páirteach don obair. Le coincheap na rannpháirtíochta agus na lánpháirtíochta, áfach, cuirtear béim ar na bacainní struchtúracha atá ar dhul isteach go tapa i margadh an tsaothair. Ar na bacainní sin tá easpa scileanna a bhfuil tóir orthu, mar aon le srianta sláinte ceirde agus srianta a bhaineann le haois, mar shampla, srianta airgeadais, easpa scileanna gairmthreorach, daoine a bheith aineolach ar na scileanna a d'fhéadfadh a bheith acu féin, agus rochtain theoranta ar fhaisnéis. Le beartais um margadh an tsaothair atá dírithe ar an rannpháirtíocht, tugtar aghaidh ar na saincheisteanna a bhaineann leis an idirdhealú san earcaíocht, le hobair atá oiriúnach ó thaobh aoise de, le háiteanna oibre atá áisiúil do dhaoine faoi mhíchumas, agus leis an mbonneagar atá riachtanach, amhail áiteanna cúraim leanaí, etc., chun tacú leis an lánpháirtiú i margadh an tsaothair.

3.13. Measann CESE gur bearta riachtanacha breise iad an obair atá oiriúnach ó thaobh aoise de agus laghdú ar shaoire bhreoiteachta agus ar luathfhágáil na scoile, agus gur féidir leo sin cur leis an soláthar oibrithe i gcás daonra atá ag dul in aois.

3.14. Chomh maith le borradh a chur faoi cháilíochtaí na n-oibrithe, tá bearta i bplean gníomhaíochta an Choimisiúin Eorpaigh freisin atá dírithe ar an soláthar oibrithe a mhéadú. Is díol sásaimh do CESE na bearta atá dírithe ar an rannpháirtíocht inbhuanaithe i margadh an tsaothair a áirithiú. Anuas ar an leas is fearr is féidir a bhaint as an Linn Tallainne, molann CESE go gcuirfí leis na deiseanna do na hoibrithe agus na gairmithe ó thríú tíortha atá san Aontas Eorpach cheana féin. Chuige sin, is gá deiseanna a chruthú chun go mbogfar ar shiúl ó iarratais ar chosaint idirnáisiúnta (e.g. an nós imeachta tearmainn) i dtreo cead cónaithe Eorpach nuachruthaithe le haghaidh gairmithe ([29]). Ina theannta sin, is gá infheistíocht a dhéanamh san oideachas agus i gcáilíochtaí, na scileanna atá ann cheana a shoiléiriú go grinn, agus aitheantas caighdeánaithe cáilíochtaí a áirithiú. Mar fhocal scoir, ní mór an deis a thabhairt do dhaoine atá sa nós imeachta tearmainn páirt a ghlacadh i margadh an tsaothair agus i mbearta oiliúna sna réimsí sin inar sainaithníodh go bhfuil gá le hoiliúint de réir na gcritéar a leagtar amach anseo, seachas iad a fhágáil sa nós imeachta tearmainn ar feadh tréimhse rófhada, mar a dhéantar i bhfad rómhinic faoi láthair.

3.15. Ní mór an deis a thabhairt d'iarrthóirí tearmainn óga agus dóibh siúd dá ndeonaítear tearmann tabhairt faoi ghairmoiliúint tosaigh d'fhonn fanacht mar chónaitheoirí fadtéarmacha tar éis dóibh an oiliúint a chríochnú.

([29]) Hinterberger (2023): *Regularisations of Irregularly Staying Migrants in the EU*: 978-3-7489-1279- 8 | nomos-shop.de.

3.16. Ba cheart a áirithiú leis an maoiniú Eorpach i ngach Ballstát go sealbhaítear i gceart agus go tapa na scileanna teanga is gá, go ndéantar bunchaighdeáin oideachais na dtíortha óstacha a bhaint amach, agus go bhféadfadh an deis a bheith ann oiliúint speisialaithe bhreise a fháil.

An Bhruiséil, an 5 Nollaig 2024

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE